**IMLITIR 0076/2010**

**Chuig: Údaráis Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna**

# SCÉIM NA nOIBREACHA SAMHRAIDH (SOS) 2011

## Scéim na nDeontas Caipitil d'Oibreacha ar Scála Beag


**An tAonad Pleanála agus Tógála Scoileanna,**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna,**
**Bóthar Phort Laoise,**
**An Tulach Mhór,**
**Co. Uíbh Fhailí.**

**SOS: Cabhairlíne: Saorfón 1800 200 955**

school_planning@education.gov.ie

**www.education.ie**


**Faisnéis thábhachtach**
**Tá ceithre chuid san Imlitir seo:**

**Cuid 1** Réamhrá.

**Cuid 2** Téarmaí agus coinníollacha a bhfuil feidhm acu i leith iarratais ar mhaoiniú maidir le **Scéim na nOibreacha Samhraidh.**

**Cuid 3** Eolas **ginearálta** maidir leis an Scéim.

**Cuid 4** Aguisíní.

# **Cuid 1**
# **Réamhrá**

Tá áthas ar an Tánaiste agus ar an Aire Oideachais agus Scileanna sonraí a fhógairt faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh 2011 agus fáilte a chur roimh iarratais faoin scéim seo de réir téarmaí na hImlitreach seo.

Is é is cuspóir le Scéim na nOibreacha Samhraidh ná maoiniú a thiomnú ar údaráis aonair scoileanna chun oibreacha tógála ar scála beag gur féidir iad a chur i gcrích i rith míonna an tsamhraidh, nó ag amanna eile nuair nach gcuirfí isteach ar obair na scoile. Faoi théarmaí na Scéime, tá údarás tugtha d'údaráis scoileanna na hoibreacha seo a bhainistiú le treoir ón Roinn agus le hidirghníomhú ís lú uaithi.

Déanfar maoiniú a dháileadh ar thionscadail ar scála beag de réir na gcritéar tosaíochta a bhaineann leis an Scéim. De ghnáth, áireofar orthu seo an cumas chun na hoibreacha a chur i gcrích i rith an tsamhraidh. I dtosca áirithe, áfach, féadfaidh an Roinn maoiniú a dháileadh ar thionscadail eile níos déanaí sa bhliain áit gur féidir iad seo a chur i gcrích gan cur isteach ar obair na scoile. Más mar seo a tharlóidh, beidh feidhm i gcónaí le téarmaí agus coinníollacha na Scéime agus maoiniú á dháileadh ar a leithéid de thionscadail.

**Faoi théarmaí Scéime 2011, níl sé ceadaithe do scoileanna ach iarratais a chur isteach ar <u>aon</u> tionscadal amháin ar scála beag.**

Tá sonraí faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le hiarratas ar oibreacha ar scála beag san áireamh i gcuid 2 den Imlitir seo.

**Seolfar treoir do na scoileanna sin, a mbeidh a gcuid iarratas rathúil, ar na rialacha a bhaineann leis an tairiscint chun comhairleoir agus conraitheoir a cheapadh do tionscadail rathúla**

**Is é 21 Eanáir 2011 an spriocdháta do na hiarratais uile faoin Scéim seo a fháil.**

Ins na tosca seo go léir, léigh an Imlitir seo go cúramach le do thoil roimh foirm iarratais a chomhlánú.

# <u>Cuid 2</u>

## <u>Téarmaí agus Coinníollacha a bhfuil Feidhm acu i leith Iarratas ar Oibreacha ar Scála Beag faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh 2011</u>

### 1. Scoileanna atá cuimsithe sa Scéim chun críche oibreacha ar scála beag

Tá cead isteach sa Scéim ag bunscoileanna agus ag iarbhunscoileanna a bhfuil aitheantas buan acu agus atá i gcóiríocht nach bhfuil tógtha ar cíos.

### 2. Iarratas a dhéanamh ar oibreacha ar scála beag

Ní mór do scoileanna Foirm Iarratais SOS 1 a chomhlánú chun iarratas a chur i láthair. Tá 4 Mhír sa bhFoirm seo.:

**Mír 1**: Eolas tábhachtach faoin Scéim agus faoi chomhlánú agus cur ar ais na foirme iarratais
**Mír 2**: Le comhlánú ag údarás na scoile
**Mír 3**: Le comhlánú ag Comhairleoir cáilithe go cuí
**Mir 4**: Le síniú ag an gCathaoirleach, Bord Bainistíochta nó ag an POF (más cuí).

**N.B. – Gnéithe sainordaitheacha**

- **Is sainordaitheach í faisnéis fhótagrafach den réigiún i gceist agus ni mór í a bheith iniata le tuarascáil an chomhairleora**

- **Maidir le Tionscadail chun déileáil le cuimsiú agus le rochtain daltaí a mbeidh riachtanais speisialta uathu, tá caipéisiú tacaíochta, mar a bhfuil léirithe san Aguisín B, sainordaitheach freisin.**

Sonraigh:
1. Maidir le tionscadail a bhaineann go príomha le deirbhisí meicniúla agus leictreachais, caithfear miondealu a dhéanamh ar gach seirbhís tógála mheicniúil agus leictreachais  mar aguisín de réir na Cáipéise um Threoir Theicniúil ábhartha ag baint feidhme as na Baill Náisiúnta um Chaighdeáin Tógála.

2.  Maidir le tionscadail, abair, a bhaineann le seomraí teicniúla a athchóiriú no troscán a athshuíomh etc., ní mór iad a shonrú agus a chostáil leith ar leith,

### 3. Oibreacha ar scála beag atá cuimsithe sa Scéim

Cuimsíonn an Scéim oibreacha riachtanacha ar scála beag chun feabhas a chur ar shláine na bhfoirgneamh agus ar a dtimpeallacht sheachtrach, gur féidir a chur i gcrích ag an am sin, más féidir, i rith míonna an tsamhraidh.  Féach Aguisín B i gcomhair an chineál oibre a mhachnófar don mhaoiniú.  Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an Scéim seo ceaptha chun oibreacha riachtanacha láithreacha a chur i gcrích.

Ní chuirfear maoiniú ar fáil i gcomhair oibreacha a mheasann an Roinn iad a bheith inmhianta gan a bheith riachtanach.

I measc na n-oibreacha **nach bhfuil cuimsithe** sa Scéim tá:

- Aispeist/Eastóscadh Deannaigh/tionscadail um Radóin a leigheas (tá scéimeanna leithleacha ag an Roinn chun déileáil leis na ceisteanna seo)
- Tionscadail a bhfuil gnéithe de thógáil nua iontu diomaite áiseanna leithris
- Oibreacha a ba cheart tabhairt fúthu trí chothabháil gnáthaimh, ar nós péinteáil, malartú clúdach urláir etc..
- Soláthar cóiríochta sealadaí nó oibreacha uirthi
- Tionscadail nach féidir a chríochnú i rith míonna an tsamhraidh
- Tionscadail a maoiníodh faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh nó faoi scéim eile roimhe seo

Áit a gcuireann scoil isteach ar thionscadail dá leithéid, beidh ar an scoil táillí ar bith a thabhaíonn sí i gcás an Chomhairleora, caithfidh sí iad a ghlanadh as a hacmhainní féin mar nach nglanfaidh an Roinn iad.

## 4. Próiseas iarratais ar oibreacha ar scála beag

<u>**Níl cead ag scoileanna cur isteach ach ar aon tionscadal ar scála beag amháin**</u>.

Is ceart don scoil na hoibreacha is gá don scoil a shainaithint, tosaíocht a thabhairt dóibh agus gan cur isteach ar an cheann is práinní díobh amháin.

Ní mór do scoileanna a shainaithint nach mbeidh sé indéanta gach iarratas a mhaoiniú ós rud é go bhfuil buiséidí faoi bhrú san earnáil poiblí.  Mar sin, is gá do scoileanna tionscadail atá práinneach amháin a chur chun tosaigh.

**N.B. Iarratais ar ilthionscadail um scála beag, déanfar iad a mheas mar <u>NEAMHBHAILÍ</u> agus ní ghlacfar leo.**

## 5. Próiseas measúnachta ar oibreacha ar scála beag

Déanfar iarratais a mheas ar bhonn an eolais atá sna codanna ábhartha den fhoirm iarratais, ar bhonn na fianaise fótagrafaigh sainordaithe faoi na réigiúin lena mbaineann agus, áit is cuí, ar bhonn an doiciméadaithe tacaíochta a iarrfar in Aguisín B den Imlitir seo.

Beidh 4 chéim sa phróiseas measúnachta

- Bailíochtú an iarratais
- Cinneadh an bhfuil na hoibreacha riachtanach amach is amach nó an féidir tabhairt fúthu trí chothabháil gnáthaimh
- Faomhadh / diúltú an iarratais
- Dáileadh maoinithe ar na tionscadail faofa

## 6. Bailíochtú iarratas ar oibreacha ar scála beag

Tástáil pas/teip é seo agus ní rachaidh ar aghaidh chuig an gcéim cinnte riachtanais ach amháin iarratais a mheastar a bheith bailí.

Ní mór duit a bheith in ann "TÁ" a rá mar fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas **uile** sula measfar iarratas a bheith bailí:

| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| An bhfuil an tionscadal laistigh de raon Scéim na nOibreacha Samhraidh?<br>I measc na samplaí de thionscadail atá lasmuigh de raon na Scéime tá:<br>• **Ilthionscadail**<br>• **Aispeist/eastóscadh Deannaigh/tionscadail um Radón a leigheas**<br>• **Tógáil nua (diomaite áiseanna leithris) i.e. an foirgneamh faoi láthair a fhairsingiú**<br>• **Cóiríocht shealadach**<br>• **Ní féidir a chríochnú le linn míonna an tsamhraidh**<br>• **Maoinithe faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh nó faoi scéim eile roimhe seo** | | |
| An bhfuil an Comhairleoir cáilithe / agus faoi árachas go cuí don tionscadal ar leith?<br>(féach Aguisín A) | | |
| An bhfuil tuarascáil an Chomhairleora tar éis bheith comhlánaithe go hiomlán agus i gceart sa chaoi go mbeidh 3 réiteachmar aon lena gcostais ar leithfaoi iamh inti? | | |
| An bhfuil an fhianaise fhótagrafach shainordaitheach faoi iamh ag an gComhairleoir? | | |
| Maidir leis na hiarratais faoi aicme 4 ( Tionscadail chun déileáil le cuimsiú agus le rochtain le haghaidh daltaí um riachtanais speisialta) an bhfuil an cáipéisiú tacaíochta atá léirithe ag Aguisín B, mar a bhfuil an Imlitir 0076/2010, nasctha leis an iarratas? | | |
| An bhfuil an t-iarratas sínithe ag Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta NÓ ag an POF (mar is cuí)? | | |

## 7. Cinneadh faoin ngá le hoibreacha ar scála beag

Beidh an cinneadh seo bunaithe ar an bhfianaise a chuirfidh tuarascáil an Chomhairleora ar fáil, ar an bhfianaise fhótagrafach shainordaitheach agus ar an gcáipéisiú tacaíochta atá riachtanach faoi Aguisín B – maidir le Tionscadail chun déileáil le cuimsiú agus rochtain daltaí a mbeidh riachtanais speisialta uathu  Is den riachtanas é mar sin go mbeidh tuarascáil an Chomhairleora ar chaighdeán a chruthóidh go soiléir go bhfuil an tionscadal riachtanach amach is amach.

Beidh comhaontú an údaráis scoile ag teastáil ón Roinn  ag Mír 4 den fhoirm iarratais sa mhéid go bhféadfaí  monatóireacht a dhéanamh ar an tionscadail ag an Roinn nó ag a gníomhairí agus go gceadofar rochtain ar a háitreabh agus ar a cuid croinicí, de réir mar is gá, chun na críche sin.

Ina theannta sin, féadfaidh foireann na Roinne cuairt a thabhairt ar líon áirithe scoileanna chun iarratais a chros-seiceáil maidir le riachtanais a mheas.

## 8. Faomhadh/diúltú iarratas ar oibreacha ar scála beag

Ní ghlacfar le iarratais neamhbhailí.

Glacfar, ar phrionsabal, le iarratas bailí:

- má chruthaíonn an t-iarratas go soiléir go bhfuil na hoibreacha riachtanach amach is amach seachas a bheith inmhianta amháin
- nach féidir tabhairt faoi na hoibreacha riachtanacha mar chuid de chothabháil gnáthaimh.

Tá sé tábhachtach, mar sin féin, a thuiscint nach gciallaíonn faomhadh ar phrionsabal go mbeidh maoiniú ar fáil chun ligint do thionscadal dul ar aghaidh.

## 9. Dáileadh maoinithe do thionscadail faofa ar scála beag

Is féidir nach mbeadh se indéanta na tionscadail faofa uile a chur ar aghaidh mar go mbraitheann sin ar an éileamh agus ar an leibhéal maoinithe atá le fáil.   Dá bhrí sin, is féidir nach mbeadh sé indéanta na tionscadail faofa uilt a chur ar aghaidh mar go mbraitheann sin ar an éileamh agus ar an leibhéal maoinithe atá le fail.  Dá bhrí sin, déanfar measú ar na hiarratais maidir leis an leibhéal maoinithe ar bharr anuas de réir na gcritéar tosaíochta in Aguisín B.

, ó bharr anuas de réir na gcritéar tosaíochta in Aguisín B.

Agus an maoiniú á dháileadh, cuirfear san áireamh dúnghaois an Rialtais i leith míbhuntáiste uirbeach agus tuaithe (cláir RAPID agus CLÁR) agus cuimsiú agus rochtain do dhaltaí a mbeidh riachtanais speisialta uathu.

Nuair a bheidh an Scéim curtha i gcrích, eiseofar litir chuig scoileanna nárbh fhéidir a dtionscadail a chur ar aghaidh.

## 10. Glacadh le Láithreán Gréasáin Fuinnimh na Roinne

Beidh ar scoileanna, a n-éireoidh leo, glacadh le láithreán gréasáin fuinnimh na Roinne, www.energyeducation.ie (mura bhfuil sin déanta acu cheana) agus sonraí fuinnimh a chur i láthair sna blianta amach anseo trí phróiseas Teastas Taispeána an Fhuinnimh.

## 11. Ceisteanna teicniúla maidir le hiarratais ar oibreacha ar scála beag

Baineann Mír 3 den fhoirm iarratais le ceisteanna teicniúla.

**Ní mór** é seo a comhlánú ag Comhairleoir cáilithe a bhfuil **Árachas Slánaíochta Gairmiúil leordhóthanach agus Árachas Dliteanas Fostóra** aige. Mura mbíonn measfar an t-iarratas a bheith neamhbhailí. **Is den riachtanas é go mbeidh cáilíochtaí cuí ag an gComhairleoir do na hoibreacha i gceist mar go measfar iarratas a bheith neamhbhailí, freisin, sa chás go n-úsáidfear Comhairleoir gan na cáilíochtaí cuí.**

Is gnó d'údarás na scoile é ceapadh an Chomhairleora agus beidh uirthi aon táillí a éireoidh a ghlanadh. Déanfar ranníocaíocht réasúnta i leith táillí a chur san áireamh. Beidh an costas sin cuimsithe i méid iomlán an deontais **d'iarratasóirí a n-éireoidh leo**.

Ní ceart tiomantas ar bith a ghlacadh i leith an Chomhairleora seachas an obair a bheidh san áireamh i Mír 3 den fhoirm iarratais.

Déanfar treoir a eisiúint do scoileanna a mbeidh a gcuid iarratas faofa maidir leis na\ nósanna imeachta a bhainfidh le ceapadh an chomhairleora, an duine a bheidh freagrach as an tionscadal a thabhairt chun críche go rathúil

Tá sé **riachtanach** go ngéillfeadh tuarascáil an Chomhairleora go hiomlán leis na Cáipéisí ábhartha Treorach Teicniúla maidir le formáid agus ábhar (féach láithreán gréasáin na Roinne). Tá sé **riachtanach** chomh maith go mbeadh fianaise fhótagrafach ina teannta.

Tá gá le tuarascáil an Chomhairleora:

- I gcomhair tuairime gairmiúla faoi chineál agus fairsinge iomlán an tionscadail bheartaithe
- Chun riachtanas amach is amach an tionscadail a fhíorú i gcomparáid len é a fhágáil gan déanamh
- Chun raon réiteach um chostas luachála a chur ar fáil
- Chun tosaíocht a thabhairt do thionscadal ar bhonn eolais ghairmiúil oibiachtúil.

Féach le do thoil Aguisín A den Imlitir seo i gcomhair treorach faoi cheapadh Comhairleora.

## 12. Croinicí faoin dtionscadal agus faoi iniúchtaí/cigireachtaí a choinneáil

- Caithfear na croinicí uile maidir le tionscadal a bhfuil maoiniú faofa dó a choinneáil ar feadh 7 mbliana tar éis a gcríochnaithe go praiticiúil.
- Coimeádann an Roinn an ceart aici féin na croinicí seo agus na hoibreacha a rinneadh a iniúchadh / a scrúdú.  I dtaca leis seo, roghnófar céatadán de na tionscadail chun a n-iniúchta / a scrúdú go mion.
- Coimeádann an Roinn an ceart aici féin diúltú cabhair deontais a íoc de dhroim iarratais a raibh eolas bréagach ann nó i gcás nach raibh riarachán an tionscadail de réir treoirlínte na Roinne.

## Cuid 3

## Eolas Ginearálta Maidir leis an Scéim seo

### 1. Tráthchlár Molta do Scéim 2011

| | |
|---|---|
| **Foilsiú na hImlitreach Stiúrtha** | **17 Nollaig 2010** |
| **Spriocdháta d'iarratais a fháil**<br><br>**Ba chóir foirmeacha iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig An Rannóg Pleanála agus Tógála Scoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.** | **21 Eanáir 2011** |
| **Foilsiú liosta na n-iarratasóirí rathúla** | **Márta 2011** |
| **Caithfear deimhniú glactha a dhéanamh don Rannóg Pleanála agus Tógála Scoileanna faoi:** | **Aibreán 2011** |
| **Beidh ort a dheimhniú don Rannóg Pleanála agus Tógála Scoileanna go bhfuil na hoibreacha tosaithe, agus tarraingt anuas 70% den chabhair deontais a iarraidh faoi:** | **Iúil 2011** |
| **Beidh ort tarraingt anuas an 30% deireanach den chabhair deontais a bheith iarrtha agat faoi:** | **Samhain 2011** |

### 2. Mionsonraí an deontais

Tá mionsonraí an deontais, coinníollacha maidir le tarraingt anuas an deontais ina measc, leagtha amach in Aguisín C.

### 3. Ranníocaíocht Áitiúil

Ní bheidh ranníocaíocht áitiúil ag teastáil ó iarratasóirí rathúla i gcás oibreacha ar scála beag.

## 4. Scoileanna a ghearrann táillí

Na scoileanna sin nach bhfuil ballraíocht acu sa scéim um oideachas saor ag leibhéal an iarbhunoideachais, beidh siad intofa don chabhair deontais ag an ráta 50% de chostas caipitil na n-oibreacha faofa.

## 5. Seirbhís Saorfóin

Tá seirbhís saorfóin curtha ar bun chun cabhrú leat le fiosrú ar bith a bheidh agat faoin Scéim, comhlánú na foirme iarratais san áireamh. Beidh an tseirbhís seo ar fáil gach lá idir 10am agus 1pm ó 17 Nollaig 2010 go dtí 21 Eanáir 2011. Is é **1800 200 955** an uimhir Shaorfóin.

Aistreofar glaonna SWS chuig línte eile go huathoibríoch go dtí an uimhir seo chun a chinntiú go ndéanfar an t- eolas a thugtar do scoileanna a sholáthar ag foireann a oileadh go sainiúil faoi mhionsonraí Scéim na nOibreacha Samhraidh.

## 5. An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Meabhraítear do dhaoine a shíníonn foirmeacha iarratais go mb'fhéidir go mbeadh sé de dhualgas ar an Roinn eolas ar bith a sholáthrófar a scaoileadh amach faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

Gavan G. O'Leary,
An tAonad Pleanála agus Tógála Scoileanna,
17 Nollaig 2010.

# Cuid 4

## Aguisíní

## Aguisín A

**Comhairle Ghairmiúil a fhostú chun Tuarascáil Theicniúil a Ullmhú d'Oibreacha ar Scála Beag**

**Tábhachtach: Ní mór a ghlanadh as acmhainní na scoile féin an costas iomlán a bhaineann le comhairle ghairmiúil a fhostú chun Tuarascáil Theicniúil a Ullmhú. Beidh iarratas neamhbhailí mura bhfaighfear Comhairleoir sa disciplín chuí nó dá bhfaighfear Comhairleoir gan Árachas Slánaíochta Gairmiúil ná Árachas Dliteanas Fostóra leordhóthanach**

**Comhairle le fáil ar Shaorfón 1800 200 955**

**Sula gceapfar Comhairleoir:**

- Déan tagairt do Dhoiciméad Treorach Teicniúil na Roinne TGD 008 - Engaging Consultants for Devolved Grants Projects – Second Edition, Revision 1, Aibreán 2010. Tá an doiciméad seo le fáil ar láithteán gréasáin na Roinne www. education.ie.

- Os rud é gurb é údarás na scoile a bheidh freagrach as a chinntiú go bhfaighfear an leibhéal agus an raon cuí seirbhíse, ní mór dó a chinntiú go bhfuil an Comhairleoir sa disciplín **chuí** do na hoibreacha i gceist. Má bhaineann tionscadal go mór nó go hiomlán le hoibreacha tógála, mar oibreacha athchóiríochta nó deisiúcháin, is cuí Suirbhéir Tógála nó Ailtire a fhostú. Má bhaineann tionscadal le draenáil, bainistiú tráchta, oibreacha seachtracha ginearálta nó deisithe struchtúracha, is ceart Innealtóir Sibhialta/Foirgníochta a fhostú. Má bhaineann tionscadal go mór nó go hiomlán le Seirbhísí Tógála i.e. oibreacha meicniúla nó leictreachais, ba chóir Innealtóir Comhairleach um Sheirbhísí Tógála a fhostú.

- Ar na cáilíochtaí **nach mbeidh inghlactha** chun críche thuarascáil an Chomhairleora tá:

  Dioplóma i Staidéir Foirgníochta, cúntóir Ailtireachta, Innealtóir Talmhaíochta, Conraitheoir Foirgníochta, B. Sc. (Comhshaol), Measúnóir, Leictreoir, Pluiméir, Conraitheoir Fuinneog, Ailtire Oifig na nOibreacha Poiblí (mura fhíoraítear leis an iarratas gur cuireadh an tuairisc i gcrích ar ordú Oifig na nOibreacha Poiblí agus í ag ghníomhú ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna).

Níl an liosta seo uileghabhálach.  Má tá amhras ar bith ort faoi oiriúnacht an Chomhairleora atá roghnaithe, déan teagmháil le do thoil leis an gChabhairlíne.  Ní bheidh dul thar chinneadh na Roinne maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Comhairleoir cáilithe go cuí chun críche na Scéime.

- Beidh céim nó cailíocht chuí ag an gComhairleoir agus i ngach cás beidh sé/sí ina c(h)omhalta d'eagraíocht ghairmiúil (e.g. RIAI d'Ailtirí, IEI/ACEI d'Innealtóirí agus SCS do Shuirbhéirí Cainníochta nó Suirbhéirí Foirgníochta Cairte), é sin nó beidh sé/sí intofa don eagraíocht dá leithéid.  Measfar gur inghlactha, freisin, cáilíochtaí coibhéiseacha ó bhallstát AE eile agus ó bhallraíocht d'eagraíocht ghairmiúil choibhéisigh de chuid an AE.

- Bí deimhin de go mbeidh an Comhairleoir inniúil agus cáilithe chun an obair a chur i gcrích. Ba chóir íosmhéid de cheathrar Comhairleoir oiriúnach a shainaithint agus a mheas agus chun luachana táillí a fháil agus an duine is oiriúnaí díobh a roghnú faoi chritéir oibiachtúla.   Bíodh is gur den tábhacht ar an gcéad dul síos cumas iomaíochta táillí agus gur cheart é a mheá dá réir sin, ba chóir a chur san áireamh i measc na gcritéar seo chomh maith caighdeán na hoibre roimhe seo, cumas chun feidhmiú i dtreo spriocdhátaí agus cumas chun an obair a mheas agus réitigh a mholadh (i.e. Cuid 3 den fhoirm iarratais a chomhlánú).

**Comhairleoir a Cheapadh chun an Tuarascáil a chur i gcrích:**

(a) Ba chóir don Údarás Scoile tagairt a dhéanamh don fhoirm iarratais SOS 1 le haghaidh scóip na tuarascála teicniúla atá riachtanach.

(b) Nuair a fhostaíonn Údarás Scoile comhairle ghairmiúil chun cabhrú le hullmhú tuarascála ní mór an costas iomlán a ghlanadh as acmhainní na scoile féin.

(c) Nuair a fhostaíonn Údarás Scoile comhairle ghairmiúil chun tuarascáil a ullmhú, ní mór don Údarás Scoile an comhairleoir ábhartha a cheapadh chuig an tasc sin amháin.  Níl ceadaithe don Údarás Scoile ceangaltas ar bith a thabhairt maidir le ceapachán foriomlán nó táillí i leith oibreacha seachas ullmhú na tuarascála agus ní mór é seo a chur in iúl go soiléir don Chomhairleoir sula ndéanfar an ceapachán.

(d) Ba chóir go mbeadh Cailíochtaí cuí gairmiúla ag an gComhairleoir agus taithí roimhe sin in ullmhú tuarascálacha comhchosúla.

(e) Chun cur ar chumas an Údarás Scoile a chinneadh cén eagraíocht is ceart a fhostú moltar go n-iarrfaí an t-eolas seo a leanas ar na Comhairleoir atáthar á mheas don obair:

  (i) Taithí i dtionscadail de nádúr comhchosúil ag cur béime ar scóip na n-oibreacha, an scála ama agus an chaoi ina gcinntíonn an Comhairleoir go bhfuil faisnéis an chostais beacht.

  (ii) Achoimre ghearr ar scóip na tuarascála comhaontaithe agus ar scála ama an tseachadta.

  (iii) Deimhniú Cailíochtaí cuí gairmiúla, Árachas Slánaíochta Gairmiúil agus Árachas Dliteanas Fostóra.

  *(iv)* Táille chuimsitheach cnapshuime, CBL san áireamh, (seirbhísí eile

ceannach-isteach de réir mar is gá san áireamh, agus na costais ar fad). *Ciallaíonn "ceannach-isteach" go nglacann an comhairleoir gairmiúil arna fhostú ag an scoil air féin mar chuid den táille fhoriomlán comhairle a fháil mar is gá ó disciplíní gairmiúla eile (e.g. Suirbhéir Cainníochta, Innealtóir Struchtúrach & Meicniúil)*

(f) Ní gá de ghnáth Maoirseoir Tionscadail don Phróiseas Dearaidh a cheapadh d'ullmhú na tuairisce.

(g) Agus an méid oibre a mheas is gá chun an tuarascáil theicniúil a ullmhú, ba chóir don Údarás Scoile scóip réalaíoch oibre a phlé lena chuid Comhairleoirí. Ina theannta sin, cuid riachtanach den tuarascáil is ea comhairle bheacht ghairmiúil costais. Dá réir sin, ní mór costas na hoibre a shainaithint go soiléir taobh le costas táillí gaolmhara pleanála ar bith mar aon le meastachán ar na táillí gairmiúla chun chur i gcrích na n-oibreacha a bhainistiú dá ndéanfar an tionscadal a cheadú..

(h) Ba chóir leibhéal na táille a dheimhniú sula gceapfar an Comhairleoir agus ba chóir go mbainfeadh sé le hullmhú na tuarascála sin amháin. Ba chóir go mbeadh an tÚdarás Scoile sásta go frithchaitheann an táille chomhaontaithe an t-am agus na hacmhainní is gá chun an tasc a chur i gcrích.

(i) Ní gá conradh foirmeálta i gcomhair tuarascála teicniúla (mar atá thuas). Is leor litir shimplí ceapacháin a dhéanann déileáil le achoimriú scóipe comhaontaithe na hoibre.

**Ná:**

- Glac ceangaltas ar bith ort maidir le táille fhoriomlán i leith na n-oibreacha feabhais agus cuir in iúl go soiléir don Chomhairleoir nach mbaineann an ceapachán ach le hullmhú na Tuarascála sin amháin agus **nach gcuireann sé an Comhairleoir i dteideal** a bheith ceaptha chun na hoibreacha a chur i gcrích má éiríonn leis an iarratas.

## Aguisín B

**1. An chaoi a dtabharfar tosaíocht d'oibreacha ar scála beag chun críche mhaoiniú a dháileadh**

Tosaíocht/ Aicme 1: Oibreacha Gáis
Tosaíocht/ Aicme 2: Oibreacha Leictreachais
Tosaíocht/ Aicme 3: Oibreacha Meicniúla
Tosaíocht/ Aicme 4: Tionscadail chun déileáil le cuimsiú agus le rochtain daltaí nó baill foirne a mbeidh riachtanais speisialta uathu
Tosaíocht/ Aicme 5: Áiseanna leithris
Tosaíocht/ Aicme 6: Oibreacha dín
Tosaíocht/ Aicme 7: Tionscadail fuinneog
Tosaíocht/ Aicme 8: Tionscadail um riachtanais churaclaim
Tosaíocht/ Aicme 9: Feabhsúcháin struchtúracha eile
Tosaíocht/Catagóir 10: Tionscadail don chomhshaol seachtrach

**2. Aicme 4 – Tionscadail chun déileáil le cuimsiú agus le rochtain daltaí nó baill foirne a mbeidh riachtanais speisialta uathu**

Tá an fhianaise a leanas de dhíth i dteannta na faisnéise atá á lorg san fhoirm iarratais SOS 1 maidir leis na hiarratais ar obair faoi Aicme 4 - Tionscadail chun déileáil le cuimsiú agus le rochtain daltaí nó baill foirne a mbeidh riachtanais speisialta uathu

- Deimhniú ar nádúr agus ar mhéid an riachtanais speisialta.
- Moltaí faoin gcaoi ina bhféadfaí an chóiríocht atá ann faoi láthair a athrú chun cóir a chur ar an dalta nó ar an mball foirne.
- I gcás dalta nó ball foirne nach bhfuil ag freastal fós ar an scoil, fianaise go bhfuil sé ar intinn aige/aici tosú ag freastal ar an scoil sa scoilbhliain 2011/12.

**3. Achoimre ar an bpróiseas um mheasúnú iarratas le haghaidh oibreacha ar scála beag**

- Bailíochtú an iarratais ar bhonn pas/teip
- Cinneadh gur riachtanas amach is amach atá i gceist agus nach féidir é a shásamh le cothabháil ghnáthaimh
- Roghnú na dtionscadal lena gcuimsiú i gClár na n-oibreacha atá bunaithe ar na critéir tosaíochta ag Aguisín B agus ar an leibhéal maoinithe atá le fáil.

**A shonru le do thoil gur ceadaithe do scoil iarratais a chur i láthair ar thionscadail sa bhreis faoin Scéim seo i mblianta éagsúla as a chéile.**

## Aguisín C

### 1. Méid a fhaomhfar

Is é méid an deontais a bheidh iníoctha ag an Roinn (CBL agus táillí san áireamh) ná **pé méid díobh seo a leanas is lú:**

Méid na cabhrach deontais a d'fhaomh an Roinn ina litir faofa

**nó**

Méid na tairisceana bailí is lú don tionscadal atá beartaithe móide táillí.

### 2. Gannchion maoinithe

Má bhíonn gannchion maoinithe ann, is iad na roghanna atá ag údaráis bainistíochta na scoileanna ná:

- Scóip na n-oibreacha a laghdú chun fanacht laistigh de theorainn an deontais.
- I gcás bunscoileanna, bain feidhm as maoiniú a rinne an Roinn a dháileadh faoi théarmaí na Scéime Deontais d'Oibreacha ar Scála Beag chun an deontas SOS a fhorlíonadh ar an gcoinníoll nach bhfuil an maoiniú sin ag teastáil láithreach d'oibreacha atá níos práinní.
- Iarmhéid na n-oibreacha a mhaoiniú as a n-acmhainní féin.

### 3. Na nithe a chuimsíonn an deontas

Tá sé beartaithe go gcuimseodh an deontas costas caipitil an tionscadail, CBL san áireamh, táillí gaolmhara pleanála, na táillí comhairleora uile a bhain le dearadh agus tógáil an tionscadail, na táillí uile don Mhaoirseoir Tionscadail um Phróiseas Dearaidh agus na táillí uile don Mhaoirseoir Tionscadail um Chéim Tógála.

### 4. Íocaíocht an Deontais

Is é a bheidh sa chéad íocaíocht a dhéanfar ná **70%** de mhéid an deontais agus íocfar a leithéid ar dheimhniú an Chomhairleora a bheidh curtha ar fáil ag údarás na scoile:

- Go mbeidh na hoibreacha a bheidh curtha i gcrích de réir scóip na n-oibreacha faoi a bhí an deontas faofa ina leith.
  Gur cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích de réir na dtéarmaí a léiríodh i litir faofa an deontais. (Tá na sonraí iomlána maidir leis an bprótacal do dheontais tiomnaithe cuimsithe i **Technical Guidance Document – TGD 007 Protocol for Developed grants, (Eagrán is déanaí ar www.education.gov.ie)**
  .
- Go bhfuil conradh do na hoibreacha beartaithe déanta ag an údarás bainistíochta lesi an gconraitheoir rathúil agus go bhfuil an conraitheoir ar an suíomh agus na hoibreacha tosaithe aige.
- Go bhfuil an Comhairleóir a ceapadh, chun na hoibreacha a mhaoirsiú, cáilithe agus cleachta go cuí.

- Go bhfuil gach ceadú reachtúil riachtanach ábhartha faighte ag an gComhairleoir.e.g. cead pleanála, teastas um shábháilteacht dóiteáin, teastas um rochtain michumais etc.
- Cuireann an Roinn, i gcomhlíonadh an tsoláthair phoiblí, an dualgas ar údaráis scoileanna feidhm a bhaint as foirm conartha caighdeánach Oibreacha Poiblí do gach aon tionscadal tógála scoile. Feidhmeoidh an t-údarás scoile / na hIontaobhaithe mar "fostóir" conraitheoirí do thionscadail Scéim na nOibreacha Samhraidh i ngach aon chás.
- Faoin gconradh seo, tá sé de dhualgas ar chonraitheoirí rátaí tuarastail a íoc agus uaire oibre agus coinníollacha fostaíochta a chomhlíonadh nach lú fabhar ná iad siúd atá leagtha síos ag an gComhcomhairle Náisiúnta Tionscail don Tionscal Tógála. Tá an conraitheoir freagrach chomh maith as comhlíonadh cuí forálacha an ailt seo ag gach fo-chonraitheoir.

Beidh sé riachtanach, dá bhrí sin, don Chomhairleóir a chur in iúl don Roinn, trí údarás bainistíochta na scoile, méid na tairisceana do na hoibreacha beartaithe, móide táillí, sula bhféadfar íocaíocht ar bith a dhéanamh.

Is é a bheidh sa dara íocaíocht, an ceann deireanach a dhéanfar, ná an **30%** a bheidh fágtha de mhéid an deontais. Íocfar é seo agus na nithe seo a leanas a bheith faighte ó údarás na scoile:

- Cóip den deimhniú ón gComhairleoir go bhfuil an obair phraiticiúil déanta.
- Deimhniú scríofa go gcoinneofar íosleibhéal de leath an chéatadáin den ráta coinneála sonraithe de shuim fhoriomlán an chonartha, ar feadh tréimhse 12 mí tar éis do na hoibreacha a bheith curtha i gcrích, agus nach gcaithfear an tsuim seo chun críche ar bith eile. Is é is cuspóir leis an gcoinneáil seo ná a chinntiú go gcuirfidh an conraitheoir i gceart lochtanna ar bith sa tógáil a thiocfaidh chun suntais i rith na tréimhse sin.
- *Tuairim maidir le Géilleadh* na forbartha ábhartha ag an gComhairleoir mar aon leis an gcead pleanála /nó faoi dhíolúine ó smacht pleanála.
- *Tuairim maidir le Géilleadh* na forbartha ábhartha ag an gComhairleoir mar aon leis na rialacháin tógála, an teastas um shábháilteacht dóiteáin san áireamh,
- *Tuairim maidir le Géilleadh* na forbartha ábhartha ag an gComhairleoir mar aon leis na rialacháin tógála, maidir leis an Teastas um Rochtain Míchumais nó maidir leis an diolúine ó a leithéid de choinníollacha
- Deimhniú ón gComhairleoir/(ó na Comhairleoirí) go bhfuil comhad sábháilteachta ullmhaithe agus eisithe chuig údarás bainistíochta na scoile.
- Deimhniú go bhfuil cóipeanna faighte ag údarás na scoile óna Chomhairleoir de na líníochtaí agus de na cáipéisí ábhartha go léir, i bhformáid chuí leictreonach más féidir, mar aon le deimhniú an Chomhairleora go bhfuil na hoibreacha críochnaithe de réir na líníochtaí agus na gcáipéisí sin.

**Coimeádann an Roinn an ceart di féin íocaíocht chuid ar bith den chabhair deontais, nó na cabhrach deontais uile, a choinneáil siar i gcás go ndéanfar ceann ar bith de théarmaí agus coinníollacha na Scéime seo a shárú, ar a n-áirítear cás nár cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta tairisceana do sheirbhísí Comhairleora i gcomhlíonadh TGD007.**